**Gaelscoil Eiscir Riada**
Bóthar an Ghrifín,
Leamhcán,
Co. Átha Cliath.

oifig@gser.ie
www.gser.ie

*Guthán : 01 6210342* *Príomhoide : Ciara Uí hÉilí* *P.O. Tánaisteach: Diane Argaud* *Uimhir Rolla : 20223I*

# Polasaí Um Chosaint Sonraí 2023

2023 Data Protection Policy

## Réamhráiteas agus Réasúnaíocht

Baineann Polasaí um Chosaint Sonraí na scoile le **sonraí pearsanta** a choimeádann Bord Bainistíochta (BB) na scoile, atá cosanta ag na hAchtanna um Choasint Sonraí 1998 go 2018 agus Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) an Aontas Eorpaigh.

Baineann an polasaí seo le foireann uile na scoile, an Bord Bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus daoine eile (daltaí ionchasacha nó féideartha agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí agus iarratasóirí ar phoist foirne laistigh den scoil) sa mhéid go mbaineann na bearta faoin bpolasaí leo. Stórálfar sonraí go slán, ionas go gcosnaítear faisnéis rúnda i gcomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha. Leagtar amach sa pholasaí seo an bealach ina gcosnóidh an scoil sonraí pearsanta agus sonraí íogaire. Déileálann an polasaí seo plé le sonraí atá cláraithe ar pháipéar agus atá cláraithe ar an ríomhaire.

Cuirtear an módh '**Príobháideachas d'Aonghnó**' i bhfeidhm i nGaelscoil Eiscir Riada i dtaca le Cosaint Sonraí. Ciallaíonn sé seo go ndéantar pleanáil chúramach agus sonraí pearsanta á mbailiú lena chinntiú gur cuid dílis iad na **pionsabail um chosaint sonraí** d'aon chóras bailithe sonraí a cuirtear i bhfeidhm. Déantar iniúchadh ar na sonraí pearsanta a coiméadtar le

- go mbeidh fáil ag daoine aonair ar a gcuid sonraí pearsanta
- cinntiú go gcoinnítear iad go slán, sábháilte
- modhanna um chosaint sonraí a chlárú
- freagracht & trédhearcacht a fhorbairt

Polasaithe eile le leámh leis:

- Foirm Eolais GDPR
- Ráiteas um Príobháideachais Suímh Idirlín
- Polasaí TCI (CCTV)
- Polasaí Grianghraif
- Ráiteas Príobháideachais GDPR

## *Introduction and Rationale*

*The school's Data Protection Policy applies to the **personal data** held by the school's Board of Management (BoM), which is protected by the Data Protection Acts 1988 to 2018 and the EU General Data Personal Regulation (GDPR)*

*The policy applies to all school staff, the Board of Management, parents/guardians, students and other partners with whom the school deals (i.e. prospective or potential students and their parents/guardians and applicants for staff positions within the school) insofar as the measures under the policy relate to them. Data will be stored securely, so that confidential information is protected in compliance with relevant legislation. This policy sets out the manner in which personal data and special categories of personal data will be protected by the school. This policy deals with data which is both stored on paper and on computers.*

*Gaelscoil Eiscir Riada operates a "**Privacy by Design**" method in relation to Data Protection. This means we plan carefully when gathering personal data so that we build in the **data protection principles** as integral elements of all data operations in advance. We audit the personal data we hold in order to*

- *be able to provide access to individuals to their data*
- *ensure it is held securely*
- *document our data protection procedures*
- *enhance accountability and transparency*

*Other related Policies:*

- *GDPR Information sheet*
- *Website Privacy Policy Statement (see website)*
- *CCTV Policy*
- *Photograph Policy*
- *GDPR Privacy Notice*

**PRIONSABAIL um CHOSAINT SONRAÍ**

*Rialaitheoir sonraí* is ea an Bord Bainistíochta ar *shonraí pearsanta* a bhaineann lena bhfoireann, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine eile de phobal na scoile reatha agus roimhe seo agus amach anseo. Tá dualgas ar an scoil, mar dhea, na prionsabail um chosaint sonraí a chomhlíonadh a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018 agus RGCS, ar féidir an t-achoimriú a leanas a dhéanamh orthu:

**1. Sonraí Pearsanta a fháil & a phróiseáil go cóir**

Bailítear faisnéis ar dhaltaí le cabhair ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ón bhfoireann. Aistríonn na scoileanna ar ar fhreastail na daltaí roimhe seo, faisnéis. i dtaobh faisnéis atá á coimeád ag an scoil ar dhaoine eile (comhaltaí foirne, daoine a dhéanann iarratas ar phoist laistigh den scoil, tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí etc.), is gnách go soláthraíonn na daoine an fhaisnéis iad féin le toiliú iomlán agus feasach agus a cuireadh i dtoll a chéile fad a bhí siad fostaithe nó ar conradh leis an Scoil. Caitear leis na sonraí sin go léir i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus le téarmaí an Pholasaí um Chosaint Sonraí seo. Déanfar an fhaisnéis seo a fháil agus a phróiseáil go cóir.

**2. Toiliú**

Más de bhunús toiliú a cuirtear sonraí pearsanta le chéile (m.sh. sonraí atá ag teastáil le bheith ar fhoireann spóirt/imeachtaí iar-scoile nó imeachtaí scoile roghnach ar bith eile*)* is ceart do thoilliú a bheith soar, feasach agus a bheith aistharraingthe ag aon tráth, gan an duine a bheith thíos le pionós nó le díobháil. Lorgóidh Gaelscoil Eiscir Riada gníomh dearfach m.sh. tic a chur i mbosca/ doiciméad a shíniú le toiliú a chur in iúl. Tá sé ceadaithe toiliú a tharraingt siar uair ar bith.

**3. Ná coimeád na sonraí ach amháin le haghaidh críche sonraithe, sainráite & dleathaí amháin nó níos mó.** Cuirfidh an BB daoine ar an eolas ar na cúiseanna a mbailíonn siad a sonraí agus cuirfidh siad daoine ar an eolas ar an úsáid a bhainfidh siad as a sonraí. Coimeádtar an fhaisnéis go léir agus aird ag gach tráth ar shárleas an duine.

**4. Gan sonraí a phróiseáil ach ar bhealaí a oireann do na cuspóirí a tugadh i dtosach báire iad:** Ní phróiseálfar sonraí a bhaineann le daoine ar bhealach atá ar aon dul leis an cuspóirí a bailíodh iad. Ní nochtfar faisnéis ach ar bhonn riachtanais, agus déanfar rochtain ar an bhfaisnéis a rialú go dian.

***DATA PROTECTION PRINCIPLES***

*The school BoM is a data controller of personal data relating to its past, present and future staff, students, parents/guardians and other members of the school community. As such, the BoM is obliged to comply with the principles of data protection set out in the Data Protection Acts 1988 to 2018 and GDPR, which can be summarised as follows:*

***1. Obtain and process Personal Data fairly***

*Information on students is gathered with the help of parents/guardians and staff. Information is also transferred from their previous schools. In relation to information the school holds on other individuals (members of staff, individuals applying for positions within the School, parents/guardians of students, etc.), the information is generally furnished by the individuals themselves with full and informed consent and compiled during the course of their employment or contact with the School. All such data is treated in accordance with the Data Protection legislation and the terms of this Data Protection Policy. The information will be obtained and processed fairly.*

***2. Consent***

*Where consent is the basis for provision of personal data, (e.g. data required to join sports team/ after-school activity or any other optional school activity) the consent must be a freely-given, specific, informed and unambiguous indication of the data subject's wishes. Gaelscoil Eiscir Riada will require a clear, affirmative action e.g. ticking of a box/signing a document to indicate consent. Consent can be withdrawn by data subjects in these situations*

***3. Keep it only for one or more specified and explicit lawful purposes***

*The BoM will inform individuals of the reasons they collect their data and the uses to which their data will be put. All information is kept with the best interest of the individual in mind at all times.*

***4. Process it only in ways compatible with the purposes for which it was given initially***

*Data relating to individuals will only be processed in a manner consistent with the purposes for which it was gathered. Information will only be disclosed on a 'need to know' basis, and access to it will be strictly controlled*

**5. Coinnigh Sonraí Pearsanta slán sábháilte.**
Ní féidir leo siúd ach a bhfuil fíorchúis acu chun amhlaidh a dhéanamh rochtain a fháil ar an bhfaisnéis. Stóráiltear Sonraí Pearsanta faoi ghlas i gcás taifead de láimh & cosnaítear iad le bogearraí ball dóiteáin agus le cosaint phasfhocail i gcás sonraí a stóráiltear go leictreonach. Cosnaítear sonraí pearsanta atá ar ghléasanna iniompartha (ar nós ríomhairí glúine) le pasfhocal agus criptiú.

***5. Keep Personal Data safe and secure***
*Only those with a genuine reason for doing so may gain access to the information. Personal Data is securely stored under lock and key in the case of manual records and protected with computer software and password protection in the case of electronically stored data. Portable devices storing personal data (such as laptops) are encrypted and password-protected.*

**6. Bíodh Sonraí Pearsanta beacht, comhlán agus suas chun dáta.**
Ba cheart do dhaltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí, agus/nó an fhoireann an scoil a chur ar an eolas ar aon athrú ar cheart don scoil a dhéanamh dá sonraí pearsanta agus/nó sonraí pearsanta íogaire lena chinntiú go bhfuil sonraí an duine aonair cruinn, iomlán agus cothrom le dáta. A luaithe a chuirfear ar an eolas iad, déanfaidh an scoil na hathruithe riachtanacha ar na taifid ábhartha. Níor cheart taifid a athrú nó a scriosadh, áfach, gan an t-údarú ceart a fháil. Má theastaíonn athrú/ceartú, ba cheart don duine a dhéanfaidh an t-athrú sin nóta a dhátú agus a shíniú ina dtugtar an t-údarú sin agus an athrú/na hathruithe atá le déanamh ar aon bhuntaifead/bhuncháipéis.

***6. Keep Personal Data accurate, complete and up-to-date***
*Students, parents/guardians, and/or staff should inform the school of any change which the school should make to their personal data and/or sensitive personal data to ensure that the individual's data is accurate, complete and up-to-date. Once informed, the school will make all necessary changes to the relevant records. Records must not be altered or destroyed without proper authorisation. If alteration/correction is required, then a note of the fact of such authorisation and the alteration(s) to be made to any original record/documentation should be dated and signed by the person making that change.*

**7. Déan cinnte de go bhfuil na sonraí leordhóthanach, ábhartha gan a bheith iomarcach.** Ní bhaileofar agus ní stórálfar ach an méid faisnéise a theastaíonn chun seirbhís leordhóthanach a sholáthar.

***7. Ensure that it is adequate, relevant and not excessive***
*Only the necessary amount of information required to provide an adequate service will be gathered and stored.*

**8. Gan an fhaisnéis a choimeád níos faide ná mar is gá don chuspóir nó do na cuspóirí sonraithe ar tugadh í**
Mar riail ghinearálta, coimeádfar an fhaisnéis don fhad a bheidh an duine ag freastal ar an scoil. Ina dhiaidh sin, comhlíonfaidh an scoil treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Sonraí Pearsanta a stóráil a bhaineann le dalta. I gcás comhaltaí foirne, comhlíonadh an scoil treoirlínte na ROS agus ceanglais na gCoimisinéirí Ioncaim araon maidir le taifid a choimeád a bhaineann le fostaithe. Anuas air sin, féadfaidh an scoil na sonraí a choimeád a bhaineann le duine ar feadh fad níos faide ama chun forálacha ábhartha an dlí a chomhlíonadh agus/nó chun éileamh a chosaint faoin reachtaíocht fostaíochta agus/nó faoi chonradh agus/nó faoin dlí sibhialta. Féach tábla <u>Coinneáil Taifid Scoile</u>

***8. Retain it no longer than is necessary for the specified purpose or purposes for which it was given***
*As a general rule, the information will be kept for the duration of the individual's time in the school. Thereafter, the school will comply with DES guidelines on the storage of Personal Data relating to a student. In the case of members of staff, the school will comply with both DES guidelines and the requirements of the Revenue Commissioners with regard to the retention of records relating to employees. The school may also retain the data relating to an individual for a longer length of time for the purposes of complying with relevant provisions of law and or/defending a claim under employment legislation and/or contract and/or civil law. See <u>School Record Retention</u> table*

**9. Cóip dá sonraí pearsanta a sholáthar d'aon duine, ar iarraidh sin:** Tá an ceart ag daoine fios a bheith acu cén sonraí pearsanta atá á gcoimeád fúthu, cé aige a gcoimeádtar iad agus cén cuspóir dá gcoimeádtar iad agus cóip a fháil dóibh, más mian.

***<u>9. Provide a copy of their personal data to any individual on request</u>***
*Individuals have a right to know and have access to a copy of personal data held about them, by whom, and the purpose for which it is held*

**SCÓIP**

Baineann an Reachtaíocht um Chosaint Sonraí le *sonraí pearsanta* a choimeád agus a phróiseáil, i bhfoirm de láimh agus leictreonach araon. Is é cuspóir an pholasaí seo ná cabhrú leis an scoil a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh, na dualgais siúd a mhíniú d'fhoireann na Scoile, agus an fhoireann, na daltaí agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí a chur ar an eolas faoi conas a chaithfear lena sonraí.

Baineann an polasaí le foireann uile na scoile, an Bord Bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus daoine eile (daltaí ionchasacha nó féideartha agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí, agus iarratasóirí ar phoist foirne laistigh den scoil) sa mhéid go láimhseálann nó go bpróiseálann an scoil a Sonraí Pearsanta i gcaitheamh a ndéileálacha leis an scoil.

***SCOPE***

*The Data Protection legislation applies to the keeping and processing of Personal Data, both in manual & electronic form. The purpose of this policy is to assist the school to meet its statutory obligations, to explain those obligations to School staff, and to inform staff, students and their parents/guardians how their data will be treated*

*The policy applies to all school staff, the Board of Management, parents/guardians, students and others (including prospective or potential students and their parents/guardians, and applicants for staff positions within the school) insofar as the school handles or processes their Personal Data in the course of their dealings with the school*

**<u>Sainmhíniú ar Théarmaí um Chosaint Sonraí</u>**

Chun tuiscint cheart a fháil ar dhualgais na scoile i leith Cosaint Sonraí, tá roinnt príomhthéarmaí ann ar cheart d'fhoireann uile na scoile tuiscint a fháil orthu:

Ciallaíonn <u>Sonraí Pearsanta</u> sonraí a bhaineann le duine aonair ata sainaitheanta nó ar féidir é/í a shainaithint cibé acu ó na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá faoi sheilbh, nó ar dócha go mbeidh sí faoi sheilbh na Rialaitheora Sonraí (BB)

<u>Rialathóir Sonraí</u> Ciallaíonn sé seo duine aonair nó aonán dlí a rialaíonn inneachair agus úsáid sonraí pearsanta. Is é an Bord Bainistíochta an rialaitheoir sonraí, an príomhoide ag feidhmiú ar son an Bhoird Bhainistíochta chun na feidhmeanna i gceist a chomhlíonadh.

*<u>Sonraí:</u>* Ciallaíonn sin faisnéis i bhfoirm inar féidir í a phróiseáil. Áirítear ann sonraí uathoibrithe (faisnéis ar ríomhaire nó faisnéis a taifeadadh chun í a chur ar ríomhaire ar ball) agus lámhshonraí (faisnéis a choimeádtar mar chuid de chorás comhaid ábhartha nó le hintinn a bheith ina chuid de chóras comhaid ábhartha).

*<u>Córas Comhaid Ábhartha:</u>* Ciallaíonn sé seo aon tacar d'fhaisnéis, bíodh is nach bhfuil sé ríomhairithe, atá struchtúrtha trí thagairt do dhaoine aonair, nó trí thagairt do chritéir i dtaobh daoine aonair, i dtreo is gur furasta rochtain ar fhaisnéis shonrach i dtaobh daoine aonair ar leith.

<u>An Duine is Ábhar do na Sonraí</u> - An té is ábhar do na sonraí pearsanta

***<u>Definition of Data Protection Terms</u>***

*In order to properly understand the school's obligations, there are some key terms, which should be understood by all relevant school staff:*

*<u>Personal Data</u> means any data relating to an identified or identifiable person who is or can be identified either from the data or from the data in conjunction with other information that is in, or is likely to come into, the possession of the Data Controller (BoM)*

*<u>Data Controller</u> A data controller is the individual or legal entity that controls the contents and use of personal data. The Board of Management itself is the data controller, with the principal acting on behalf of the BOM in exercising the functions involved.*

*<u>Data:</u> What is meant by data is information in a form that can be processed. It includes automated data (information on computer or information recorded with the intention of putting it on a computer) and manual data (information that is kept as part of a relevant filing system or with the intention that it should form part of a filing system).*

*<u>Relevant Filing System:</u> This refers to any set of information that, while not computerised, is structured by reference to pupils, staff or partners with whom the school has business, so that specific information relating to a particular individual is readily accessible.*

*<u>Data Subject</u> - is an individual who is the subject of personal data*

Próiseáil Sonraí – Aon phróiseáil a déantar ar shonraí, ina measc bheadh

- Bailiú, taifead agus coinneáil sonraí
- Bailiú, eagrú, stóráil, athrú nó leasú sonraí
- Ag inniúchadh, dul i gcomhairle le nó ag baint úsáide as na sonraí
- Sonraí a nochtadh tré iad a roinnt, a scaipeadh nó iad a chur ar fáil
- Sonraí a ailíniú, a mheascadh, a bhlocáil, a ghlanadh amach nó a scrios

*Data Processing - performing any operation or set of operations on data, including:*

- *Obtaining, recording or keeping the data,*
- *Collecting, organising, storing, altering or adapting the data*
- *Retrieving, consulting or using the data*
- *Disclosing the data by transmitting, disseminating or otherwise making it available*
- *Aligning, combining, blocking, erasing or destroying the data*

Próiseálaí Sonraí – duine ar bith a dhéanann próiseáil ar eolas pearsanta thar cheann an rialathóir sonraí, **seachas fostaí de chuid an rialathóir sonraí** agus a dhéanann próiseáil ar a leithéid de shonraí mar chuid dá ndualgais fostaíochta, mar shampla, d'fhéadfadh gur fostaí de chomhlacht seachtarach a dhéanann próiseáil ar son an rialathóir sonraí. Leagann an reachtaíocht um Chosaint Sonraí freagracht ar chomhlachtaí dá leithéid i dtaca le próiseáil na sonraí sin. [m.sh. Aladdin/Databiz; School Accounting etc)

*Data Processor - a person who processes personal information on behalf of a data controller, but **does not include an employee of a data controller** who processes such data in the course of their employment, for example, this might mean an employee of an organisation to which the data controller out-sources work. The Data Protection legislation places responsibilities on such entities in relation to their processing of the data. [e.g. Aladdin/Databiz; School Accounting etc.]*

Tagraíonn Sonraí Pearsanta Íogaire do *Shonraí Pearsanta* maidir leis an méid a leanas

- Bunadh ciníoch nó eitneach
- Tuairimí polaitiúla nó creidimh reiligiúnacha nó fhealsúnacha
- Sláinte fhisiciúil nó meabhrach
- Saol gnéis agus gléaschlaonadh
- Sonraí géineolaíochta nó bithmhéadaracha
- Ciontuithe coiriúla nó cion a líomhnaíodh
- Ballraíocht de cheardchumainn

*Special categories of Personal Data refers to Personal Data regarding a person's*

- *racial or ethnic origin*
- *political opinions or religious or philosophical beliefs*
- *physical or mental health*
- *sexual life and sexual orientation*
- *genetic and biometric data*
- *criminal convictions or alleged offence*
- *trade union membership*

Sárú ar Shonraí Pearsanta – sárú ar shlándáil ríomhaireachta a chúisigh scrios timpisteach nó neamhdhleathach, cailleadh, athrú, nochtadh neamhúdaraithe ar nó rochtain ar shonraí pearsanta stóráilte nó próiseáilte. Ciallaíonn sé seo comhghéilleadh nó cailleadh sonraí pearsanta cuma conas nó cá dtarlaíonn sé.

*Personal Data Breach – a breach of security leading to the accidental or unlawful destruction, loss, alteration, unauthorised disclosure of, or access to personal data transmitted, stored or otherwise processed. This means any compromise or loss of personal data, no matter how or where it occurs*

**RÉASÚNAÍOCHT**

Anuas ar a ndualgais dhlíthiúla faoi shainchúram fairsing na reachtaíochta oideachais, tá freagracht dhlíthiúil ar an scoil chun na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus RGCS a chomhlíonadh.

Mínítear sa pholasaí seo cén sórt sonraí a bhailítear, cén fáth a mbailítear iad, cé chomh fada a stórálfar iad agus cé leis a roinnfear iad. Caitheann an scoil lena gcuid freagrachtaí faoin dlí um Chosaint Sonraí go han-tromchúiseach, agus is mian leo cleachtais shábháilte a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta duine a chosaint. Aithnítear, chomh maith, go n-éascaíonn faisnéis fhíriciúil a chur i dtaifead go cruinn agus í a stóráil go

***RATIONALE***

*In addition to its legal obligations under the broad remit of educational legislation, the school has a legal responsibility to comply with the Data Protection Acts 1988 to 2018 and the GDPR.*

*This policy explains what sort of data is collected, why it is collected, for how long it will be stored, and with whom it will be shared. The school takes its responsibilities under Data Protection law very seriously, and wishes to put in place safe practices to safeguard individuals' personal data. It is also recognised that recording factual information accurately and storing it safely facilitates an evaluation of the information, enabling the principal*

sábháilte measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus a chur ar chumas an phríomhoide agus an bhoird bhainistíochta chun cinntí a dhéanamh maidir le reáchtáil éifeachtúil na Scoile. Anuas air sin, baineann ríthábhacht le láimhseáil éifeachtúil na sonraí lena chinntiú go bhfuil comhsheasmhacht agus leanúnachas ann sa chás go dtagann athrú ar an bpearsanra laistigh den scoil agus den bhord bainistíochta.

*and board of management to make decisions in respect of the efficient running of the school. The efficient handling of data is also essential to ensure that there is consistency and continuity where there are changes of personnel within the school and board of management.*

**DUALGAIS DHLITHIÚIL EILE**

Cuirtear san áireamh i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo dualgais agus freagrachtaí eile dlíthiúla na scoile. Baineann cuid díobh seo go díreach le cosaint sonraí. ***Mar shampla:***

- *Faoi Alt 9(g) den Acht Oideachais, 1998*, ní mór rochtain a thabhairt do thuismitheoirí dalta, nó do dhalta a bhain aois 18 mbliana amach, ar thaifid a choimeádann an scoil a bhaineann le dul chun cinn an dalta ina n-oideachas.

- Faoi *Alt 20 den Acht Oideachais (Leas), 2000*, ní mór don scoil clár a choimeád de gach dalta a fhreastalaíonn ar an scoil.

- Faoi *Alt 20(5) den Acht Oideachais (Leasú), 2000*, tá dualgas ar phríomhoide chun faisnéis áirithe a chur in iúl a bhaineann le freastal linbh ar an scoil agus ceisteanna eile a bhaineann le dul chun cinn oideachais an linbh do phríomhoide scoile eile a bhfuil an leanbh ag aistriú chuici. Seolann Gaelscoil Eiscir Riada cóip de Pas Oideachais an pháiste, dearth ag an NCCA, ag príomhoide na meánscoile ina bhfuil an dalta cláraithe. Sa chás go bhfuil tuairiscí ar dhaltaí a scríobh daoine gairmiúla eile seachas foireann Ghaelscoil Eiscir Riada ag an scoil i bhfilteáin daltaí reatha, ní ceadmhach a leithéid de thuairisc a sheoladh ar aghaidh ag an Iar-Bhunscoil gan cead soiléir i scríbhinn a iarraidh agus a fháil ó thuismitheoirí agus caomhnóirí na ndaltaí ábhartha sin.

- Faoi *Alt 21 den Education (Welfare) Act, 2000*, ní mór don scoil freastal nó neamhfhreastal daltaí atá cláraithe ag an scoil ar gach lá scoile a chur i dtaifead.

- *Faoi Alt 28 den Acht Oideachais (Leasú), 2000*, féadfaidh an Scoil *Sonraí Pearsanta* a choimeádann siad a sholáthar do chomhlachtaí áirithe forordaithe (an Roinn Oideachais, TÚSLA, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus scoileanna eile) Caithfidh an BB a bheith sásta go n-úsáidfear iad do "chuspóir ábhartha" (lena n-áirítear stair oideachais nó oiliúna duine a chur i dtaifead nó

***OTHER LEGAL OBLIGATIONS***

*Implementation of this policy takes account of the school's other legal obligations & responsibilities. Some of these are directly relevant to data protection.* ***For example:***

- *Under Section 9(g) of the Education Act, 1998, the parents of a student, or a student who has reached the age of 18 years, must be given access to records kept by the school relating to the progress of the student in their education.*
- *Under Section 20 of the Education (Welfare) Act, 2000, the school must maintain a register of all students attending the school.*

- *Under Section 20(5) of the Education (Welfare) Act, 2000, a principal is obliged to notify certain information relating to the child's attendance in school and other matters relating to the child's educational progress to the principal of another school to which a student is transferring. Gaelscoil Eiscir Riada sends, by post, a copy of a child's Educational Passport, as provided by the NCCA, to the principal of the Post-Primary School in which the pupil has been enrolled. Where reports on pupils which have been completed by professionals, apart from Gaelscoil Eiscir Riada Staff, are included in current pupil files, such reports are only passed to the Post-Primary school following express written permission having been sought and received from the parents and guardians of said pupils.*

- *Under Section 21 of the Education (Welfare) Act, 2000, the school must record the attendance or non-attendance of students registered at the school on each school day.*

- *Under Section 28 of the Education (Welfare) Act, 2000, the School may supply Personal Data kept by it to certain prescribed bodies (the Department of Education and Skills, TUSLA, the National Council for Special Education and other Schools). The BoM must be satisfied that it will be used for a "relevant purpose" (which includes recording a person's educational or training history or monitoring their educational*

chun monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn oideachais nó oiliúna; nó chun tabhairt faoi thaighde ar scrúduithe, páirt a ghlacadh in oideachas agus in éifeachtacht ghinearálta oideachais nó oiliúna).

*or training progress; or for carrying out research into examinations, participation in education and the general effectiveness of education or training).*

- Faoi *Alt 14 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais* acu, 2004, ceanglaítear ar an scoil chun an fhaisnéis sin a iarrfaidh an Chomhairle go réasúnta ó thráth go chéile a sholáthar don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (agus dá bhfostaithe, lena n-áireofaí Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais).

- *Under Section 14 of the Education for Persons with Special Educational Needs Act, 2004, the School is required to furnish to the National Council for Special Education (and its employees, which would include Special Educational Needs Organisers) such information as the Council may from time to time reasonably request.*

- Foráiltear san *Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997,* ceart cáilithe chun rochtain a fháil ar fhaisnéis atá á coimeád ag comhlachtaí poiblí nach riachtanach gur "sonraí pearsanta" atá i gceist leo i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí. Cé nach bhfuil formhór na scoileanna faoi réir na reachtaíochta um shaoráil faisnéise faoi láthair, má sholáthair scoil faisnéis do chomhlacht atá cumhdaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (ar nós na Roinne Oideachais agus Scileanna etc.), d'fhéadfaí na taifid seo a nochtadh má dhéantar iarratas ar an gcomhlacht sin.

- *The Freedom of Information Act 1997 provides a qualified right to access to information held by public bodies which does not necessarily have to be "personal data" as with data protection legislation. While most schools are not currently subject to freedom of information legislation, if a school has furnished information to a body covered by the Freedom of Information Act (such as the Department of Education and Skills etc.), these records could be disclosed if a request is made to that body.*

- Faoi *Alt 26(4) den Acht Sláinte, 1947*, cuirfidh Scoil faoi deara go dtugtar gach áis réasúnta (áiseanna chun ainmneacha agus seoltaí dalta a fhreastalaíonn ar an scoil san áireamh) d'údarás sláinte a sheirbheáil fógra orthu i leith cigireacht leighis, e.g. cigireacht fiaclóireachta.

- *Under Section 26(4) of the Health Act, 1947 a School shall cause all reasonable facilities (including facilities for obtaining names and addresses of pupils attending the school) to be given to a health authority who has served a notice on it of a medical inspection e.g. a dental inspection.*

- Faoi *Acht* um *Thús Áite do Leanaí 2015:* tá freagrachtaí ar na daoine faoi shainordú atá sa scoil mí-úsáid nó faillí leanaí a thuairisciú do TÚSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (nó i gcás éigeandála agus nach bhfuil fáil ar TÚSLA, an Garda Síochána).

- *Under Children First Act 2015, mandated persons in school have responsibilities to report child welfare concerns to TUSLA – Child and Family Agency (or in the event of an emergency and the unavailability of TUSLA to An Garda Síochána).*

**GAOL le SPIORAD SAINIÚIL na SCOILE**

Déanfaidh Gaelscoil Eiscir Riada an méid a leanas

- a chur ar chumas gach dalta a lánchumas a fhorbairt
- timpeallacht shábháilte agus shlán a sholáthar chun foghlaim inti
- meas ar éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus slite beatha a chur chun cinn sa tsochaí.

***RELATIONSHIP to the CHARACTERISTIC SPIRIT of the SCHOOL***

*Gaelscoil Eiscir Riada seeks to*

- *enable each student to develop their full potential*
- *provide a safe and secure environment for learning*
- *promote respect for the diversity of values, beliefs, traditions, languages and ways of life in society.*

Tá de chuspóir againn na spriocanna seo a bhaint amach agus meas á léiriú ar phríobháideacht agus ar chearta um chosaint sonraí daltaí, na foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine eile a

*We aim to achieve these goals while respecting the privacy and data protection rights of students, staff, parents/guardians and others who interact with us. The school wishes to achieve these aims/missions*

idirghníomhaíonn linn. Is mian leis an scoil na haidhmeanna/misin seo a bhaint amach & meas iomlán á léiriú ar chearta daoine i leith príobháideachta & cearta faoin Reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

*while fully respecting individuals' right to privacy and rights under the Data Protection Legislation.*

**SONRAÍ PEARSANTA**

***PERSONAL DATA***

I measc na dtaifead ar *Shonraí Pearsanta* atá á gcoimeád ag an scoil, d'fhéadfadh an méid a leanas a bheith i gceist:

*The Personal Data records held by the school may include:*

**1. TAIFID FOIRNE:**

***1. STAFF RECORDS:***

**(a) CATAGÓIRÍ sonraí foirne:**
Mar aon leis na comhaltaí reatha foirne (agus iarchomhaltaí foirne), d'fhéadfadh go mbainfeadh na taifid seo le hiarratasóirí a dhéanann iarratas ar phoist laistigh den scoil, múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí faoi phromhadh. D'fhéadfaí a áireamh leis na taifid foirne seo:

- Ainm, seoladh & sonraí teagmhála, uimhir PSP
- Buntaifid iarratais agus cheapacháin (foirmeacha iarratais, scéimeanna marcála agallaimh agus cáipéisí eile a bhaineann le hearcú agus le roghnú, ar nós teistiméireachtaí, torthaí Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus measúnuithe Medmark)
- Taifead ar cheapacháin le poist ardú céime
- Sonraí faoi asláithreacht fhaofa (sosanna gairme, saoire thuismitheora, saoire staidéir etc.)
- Sonraí faoin taifead oibre (cáilíochtaí, na ranganna a múineadh, na hábhair etc.)
- Sonraí faoi ghearáin agus/nó chasaoid, lena n-áirítear comhairliúcháin nó plé inniúlachta, pleananna gníomhaíochta/ feabhsaithe/ measúnachta agus taifead ar dhul chun cinn
- Sonraí faoi aon timpistí/ghortuithe a tharla ar réadmhaoin na scoile nó i dtaca leis an gcomhalta foirne a thugann faoina ndualgais scoile
- Taifid ar aon tuairiscí a rinne an scoil (nó a bhfostaithe) maidir leis an gcomhalta foirne maidir leis an gcomhalta foirne do ranna Stáit agus/ó do ghníomhaireachtaí eile faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

***(a) CATEGORIES of staff data**:*
*As well as existing members of staff (and former members of staff), these records may also relate to applicants applying for positions within the school, trainee teachers and teachers under probation. These staff records may include:*

- *Name, address & contact details, PPS no.*
- *Original records of application and appointment (including application forms, interview marking schemes and other documents relating to recruitment and selection such as references, Garda vetting outcomes and Medmark assessments)*
- *Record of appointments to promotion posts*
- *Details of approved absences (career breaks, parental leave, study leave, etc.)*
- *Details of work record (qualifications, classes taught, subjects, etc)*
- *Details of complaints and/or grievances, including consultations or competency discussions, action, improvement, evaluation plans and record of progress*
- *Details of any accidents/injuries sustained on school property or in connection with the staff member carrying out their school duties*
- *Records of any reports the school (or its employees) have made in respect of the staff member to State departments and/or other agencies under Children First Act 2015.*

**(b) CUSPÓIRÍ:** Coimeádtar taifid foirne do na cuspóirí a leanas:

- bainistíocht agus riarachán ghnó na scoile (anois agus amach anseo)
- íocaíocht na foirne a éascú, agus chun sochair/teidlíochtaí eile a ríomh (lena n-áirítear seirbhís ináirithe chun íocaíochtaí pinsin, teidlíochtaí agus/nó íocaíochtaí iomarcaíochta a ríomh sa chás gur cuí)
- íocaíochtaí pinsin a éascú amach anseo

*(b)* ***PURPOSES**: Staff records are kept for the purposes of:*

- *the management and administration of school business (now and in the future)*
- *to facilitate the payment of staff and calculate other benefits/ entitlements (including reckonable service for the purpose of calculation of pension payments, entitlements and/or redundancy payments where relevant)*
- *to facilitate pension payments in the future*

- bainistíocht acmhainní daonna.
- arduithe céime a rinneadh a chur i dtaifead (cáipéisíocht a bhaineann le hardú céime ar a ndearnadh iarratas) agus athruithe a tháinig ar fhreagrachtaí etc.
- a chur ar chumas na scoile chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh mar fhostóir, lena n-áirítear timpeallacht shábháilte éifeachtúil oibre agus múinteoireachta a chaomhnú (lena n-áirítear a gcuid freagrachtaí faoin Acht um Shábháilte, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005) a chomhlíonadh
- a chur ar chumas na scoile chun na ceanglais a leagann an Roinn Oideachais agus Scileanna, na Coimisinéirí Ioncaim, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, TÚSLA, FSS, agus aon ranna agus/nó gníomhaireachtaí rialtais, reachtúla agus/nó rialála síos a chomhlíonadh
- an reachtaíocht a bhaineann leis an scoil a chomhlíonadh.

- *human resource management*
- *recording promotions made (documentation relating to promotions applied for) and changes in responsibilities, etc.*
- *to enable the school to comply with its obligations as an employer including the preservation of a safe, efficient working and teaching environment (including complying with its responsibilities under the Safety, Health and Welfare At Work Act 2005)*
- *to enable the school to comply with requirements set down by the Department of Education and Skills, the Revenue Commissioners, the National Council for Special Education, TÚSLA, the HSE, and any other governmental, statutory and/or regulatory departments and/or agencies*
- *and for compliance with legislation relevant to the school.*

**(c) LÁTHAIR & SLÁNDÁIL**

- Coimeádtar taifid de láimh go slán, sábháilte faoi ghlas i gcómhadchaibinéid in oifig riaracháin glasáilte agus gan teacht orthu ach ag fostaithe atá údaraithe leis na sonraí sin a úsáid. Ní mór do na fostaithe sin na sonraí sin a choinneáil faoi rún.
- Coimeadtar taifead digiteach ar ríomhairí a bhfuil cosaint phasfhocail agus bogearraí balla dóiteáin orthu. Bíonn Córas Rogha Aláram Ionraidh ar siúl lasmuigh d'uaireanta scoile.

***(c) LOCATION & SECURITY***

- *Manual records are kept in a secure, locked filing cabinet in a locked administration office only accessible to personnel who are authorised to use the data. Employees are required to maintain the confidentiality of any data to which they have access.*
- *Digital records are stored on password-protected computers with firewall software. The school has the intruder alarm activated during out-of-school hours.*

**<u>2. TAIFID DHALTAÍ:</u>**

**(a) CATAGÓIRÍ sonraí daltaí:** D'fhéadfaí a áireamh leo seo:

- Faisnéis a d'fhéadfaí a lorg agus a chur i dtaifead ar chlárú agus a d'fhéadfaí a chur le chéile agus a bhailiú i gcaitheamh thréimhse an dalta sa scoil. D'fhéadfaí a áireamh leis na taifid seo:
- ainm, seoladh agus sonraí teagmhála, uimhir PSP
- dáta agus áit bhreithe
- ainmneacha agus seoltaí na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí agus a sonraí teagmhála (lena n-áirítear aon socruithe speisialta maidir le caomhnóireacht, coimeád nó rochtain)
- creideamh reiligiúnach
- bunadh ciníoch nó eitneach
- ballraíocht de phobal an Lucht Siúil, sa chás gur cuí
- cibé acu más nó mura sealbhóirí cárta leighis iad siúd (nó a dtuismitheoirí)
- cad í céad teanga an dalta agus cibé a

***<u>2. STUDENT RECORDS:</u>***

***(a) CATEGORIES of student data*** *may include:*

- *Information which may be sought and recorded at enrolment and may be collated and compiled during the course of the student's time in the school. These records may include:*
- *name, address & contact details, PPS number*
- *date and place of birth*
- *names and addresses of parents/guardians and their contact details (including any special arrangements with regard to guardianship, custody or access)*
- *religious belief*
- *racial or ethnic origin*
- *membership of the Traveller community, where relevant*
- *whether they (or their parents) are medical card holders*
